

**Feidhm:** Ag fiafraí de dhuine cá fhad atá sé/sí pósta nó geallta le duine, scartha ó dhuine agus ag freagairt na ceiste sin

**Bileoga:** 2.1 agus 2.2

- Scaip **Bileog 2.1** agus abair leis na foghlaimeoirí éisteacht leis an téip a fhad is atá siad ag líonadh na mbearnaí. Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Iarr ar dhaoine éagsúla na habairtí a léamh os ard. Téigh siar ar an fhuaimniú agus bí cinnte go bhfuil an fhuaim cheart acu.
- Abair leo Cuid B a dhéanamh. Nuair atá siad críochnaithe téigh siar ar na rialacha a bhaineann le ‘bliain’. Is féidir na rialacha a léiriú mar seo:

1	2	3-6	7-10	20/30 etc.
Bliain amháin	Dhá bhliain	Trí bliana	Seacht mbliana	Fiche bliain

- Iarr orthu Cuid C a dhéanamh agus ansin seinn an téip ar mhaithe le fuaimniú.
- Míneadh dóibh má tá an bosca thuas ar eolas acu nach bhfuil le déanamh ach *déag, is tríocha* etc. a chur ag an deireadh. Scríobh na huimhreacha seo ar an chlár dubh agus scríobh amach i bhfocail iad le cuidiú ó na foghlaimeoirí:

23	Trí bliana ‘is fiche
34	Ceithre bliana ‘is tríocha
78	Ocht mbliana ‘is seachtó
51	Bliain is caoga

- Scaip **Bileog 2.2** agus abair leis na foghlaimeoirí Cuid A a dhéanamh.
- Nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.
- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin le Cuid B a dhéanamh agus pléigh na smaointe a bhí ag an rang iomlán.
- Léigh na treoracha faoi Chuid C. Cuir an téip ar siúl. Abair leo na bearnaí a líonadh agus bí cinnte go dtuigeann siad go bhfuil na focail ar fad seachas an ceann deireanach le fáil faoi Chuid B thuas.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

**Feidhm:** Ag fiafraí de dhuine cá fhad a bhí sé/sí pósta nó ag siúl amach le duine agus ag freagairt na ceiste sin

**Bileoga:** 2.3, 2.4 agus 2.5

- Scaip **Bileog 2.3** agus cuir gach beirt ag obair le chéile lena smaointe a nochtadh faoi Chuid A.
- Tar éis tamaill ghearr ceistigh cúpla duine faoi cad is féidir leo a rá faoi na habairtí.

- Míneadh dóibh:
  - go mbaintear úsáid as **ar feadh** nuair atá am cinnte i gceist.
  - go mbaintear úsáid as **le** nuair nach bhfuil cinnteacht ag baint leis an tréimhse ama.
  - go mbaintear úsáid as **ar feadh** san Aimsir Chaite agus san Aimsir Fháistineach mar go mbíonn teorainn ama ann.
  - Go mbaintear úsáid as **le** san Aimsir Láithreach amháin, nuair atá duine ag déanamh ruda anois agus ní féidir go cinnte a rá cá fhad a mhairfidh an rud atá sé/sí ag déanamh.

**Samplaí:**

- *Bhí muid ag siúl amach le chéile ar feadh trí bliana* – tá tú cinnte anois nach bhfuil tú ag siúl amach leis an duine sin níos mó, tá sé san Aimsir Chaite!
  - *Tá mé geallta anois le bliain* – b'fhéidir go dtitfidh tú i ngrá le duine eile amárach, níl a fhios agat cad a tharlóidh amárach! Tá sé san Aimsir Láithreach.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile le Cuid B a dhéanamh. Léigh na treoracha agus bí cinnte go dtuigeann siad cad é atá le déanamh.

**Freagraí:**

Cá fhad atá tú pósta?	le 3 bliana
Cá fhad a bhí tú scartha?	ar feadh 7 mbliana
Cá fhad a bhí sibh ag siúl amach le chéile?	ar feadh 2 bhliain
Cá fhad atá tú colscartha?	le 5 bliana
Cá fhad atá tú geallta?	le 4 bliana
Cá fhad a bhí sibh pósta?	ar feadh 20 bliain

- Iarr orthu Cuid C a dhéanamh ansin agus ceartaigh é nuair a bheidh sé déanta.

**Freagraí:**

Tá mé pósta le cúig bliana. *Bhí mé pósta ar feadh cúig bliana*  
Tá mé scartha le sé bliana. *Bhí mé scartha ar feadh sé bliana*  
Tá mé singil le ocht mbliana. *Bhí mé singil ar feadh ocht mbliana*  
Tá mé colscartha le sé bliana. *Bhí mé colscartha ar feadh sé bliana*  
Tá mé pósta le tríocha bliain. *Bhí mé pósta ar feadh tríocha bliain*

- Scaip **Bileog 2.4** agus léigh na treoracha faoi Chuid A. Ansin cuir an téip ar siúl dhá uair.
- Tabhair seans do na foghlaimeoirí na freagraí a phlé le chéile.
- Ansin iarr ar chúpla duine na freagraí a sholáthar duit. Cuir an téip ar siúl arís ag an phointe seo más gá.

- Scaip **Bileog 2.5** agus abair leis na foghlaimoirí Cuid A a dhéanamh.
- Bí cinnte go dtuigeann siad cad é atá i gceist. Caithfidh siad dhá phictiúr a roghnú ó na pictiúir atá ann faoi Chuid A. Is é/í an duine a raibh siad ag siúl amach leis/léi duine amháin agus is é/í an duine a bhfuil siad pósta leis/léi an duine eile. Caithfidh siad ansin an t-eolas a chumadh faoi na daoine seo agus a chur faoi na teidil sna boscaí. Mar shampla:



**Bhí mé ag siúl amach le. . .**

**Ainm:**

Jeff

**Cé as:**

Londain

**Cá fhad a bhí sibh ag siúl amach:**

2 bhliain

- Nuair atá Cuid A déanta acu iarr orthu Cuid B a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh cuma mar seo ar a gcuntas:

*Bhí mé ag siúl amach le Jeff, as Londain, ar feadh dhá bhliain ach tá mé pósta anois le Pól, as Baile Átha Cliath, le deich mbliana anuas.*

- Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin le Cuid C a dhéanamh.
- Déan druil leis an rang ansin ag úsáid na gceisteanna faoi Chuid C. Ba cheart go mbainfeadh an rang úsáid as an eolas a chum siad faoi Chuid A agus faoi Chuid B.

**Feidhm:** Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoin líon mac agus iníonacha ag duine agus a chéile

Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi aois páistí

Ag rá cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá agat

**Bileoga:** 2.6, 2.7, 2.8, 2.9, 2.10 agus 2.11

- Scaip **Bileog 2.6**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh. Mínigh dóibh go mbaintear úsáid as na huimhreacha seo le daoine amháin a chomhaireamh.
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh. Pléigh thusa na focail leis an rang le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.

- Iarr orthu Cuid C a dhéanamh agus ansin ceartaigh é nuair atá an uimhir iolra faighte acu san fhoclóir.
- Sula scaipeann tú **Bileog 2.7** ar na foghlaimeoirí scríobh na huimhreacha pearsanta leis an fhocal ‘mac’ ar an chlár dubh:

mac amháin  
beirt mhac  
triúr mac  
ceathrar mac  
cúigear mac  
seisear mac  
seachtar mac  
ochtár mac  
naonúr mac  
deichniúr mac

- Déan plé leis an rang iomlán ar na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta, mar shampla:
  - baintear úsáid as an ghinideach iolra den ainmfhocal (mínigh dóibh nach gá a bheith róbhuartha faoin phointe seo go fóill, gur leor na hainmfhocail *mac, iníon, deirfiúr* agus *deartháir* a bheith ar eolas acu faoin am seo).
  - cuirtear séimhiú ar chonsan i ndiaidh ‘beirt’ ach amháin ar d, t agus s.
- Scríobh an ginideach iolra de na focail a leanas ar an chlár dubh:

mac – mac	iníon – iníonacha
deartháir – deartháireacha	deirfiúr – deirfiúracha

- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang cén Ghaeilge atá ar *3 brothers, one sister* agus mar sin de chun a bheith cinnte go dtuigeann siad na rialacha go maith.
- Scaip **Bileog 2.7** ar an rang agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Téigh tríd na freagraí leis an rang ar fad nuair atá siad críochnaithe.

### Freagraí:

Tá beirt **mhac** agam.  
Tá ceathrar **iníonacha** aige.  
Tá naonúr **deartháireacha** ag Pól.  
Tá seisear **mac** agam.  
Tá **deirfiúr** amháin acu.  
Tá seachtar **mac** ag Síle.  
Tá triúr **iníonacha** agam.  
Tá **iníon** amháin agam.

Tá deichniúr **deartháireacha** agam.  
Tá cúigear **deirfiúracha** acu.

- Cuir an téip ar siúl agus iarr orthu na bearnaí a líonadh faoi Chuid B.
- Bíodh na pictiúir ar **Bileog 2.8** gearrtha amach agat roimh an rang.
- Tabhair cárta amháin do gach duine sa rang. Mínigh dóibh gur cleachtadh cainte é seo. Scríobh an cheist atá díreach cloiste acu ar an téip ar an chlár dubh: ‘cé mhéad páiste atá agat?’ Ansin scríobh ‘cé mhéad páiste atá agaibh?’. Cuir ceist ar an rang cad é an difear idir an dá cheist.
- Abair leo seasamh suas agus siúl timpeall an ranga ag cur agus ag freagairt na ceiste ‘cé mhéad páiste atá agat?’. Cuir stop leis an ghníomhaíocht nuair a shíleann tú go bhfuil cleachtadh maith faighte acu. Bain na cártaí díobh.
- Cuir gach beirt le chéile ansin agus tabhair pictiúr difriúil do gach beirt eatarthu. Tá orthu anois siúl timpeall arís ina mbeirteanna ag cur agus ag freagairt na ceiste ‘cé mhéad páiste atá agaibh?’ Múin an fhoirm threise ‘cé mhéad páiste atá *agaibhse*’ freisin.
- Scaip **Bileog 2.9**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh. Cuir an téip ar siúl nuair atá brí an chomhrá ar fad pléite leis an rang.
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh. Beidh siad ag cumadh na n-aoiseanna agus na n-ainmneacha iad féin, ní bheidh an t-eolas céanna ag gach duine mar sin. Iarr ar chúpla duine a bhfuil scríofa acu faoi Chuid B a léamh amach os ard.
- Iarr orthu ansin Cuid C a dhéanamh – cleachtadh cainte ar an méid a rinneadh in A agus B.
- Scaip **Bileog 2.10**. Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag éisteacht le Máire ar an téip ag caint faoina teaghlach agus go mbeidh orthu na hainmneacha, na haoiseanna agus eolas ar bith eile a scríobh faoina teaghlach sa bhosca sna colúin chuí.
- Cuir an téip ar siúl ansin don rang faoi dhó.
- Nuair atá Cuid B déanta acu pléigh na freagraí leis an rang ar fad.
- Scaip **Bileog 2.11**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh. Mínigh na rialacha ansin.
- Abair leo Cuid B a dhéanamh nuair atá tú cinnte go bhfuil na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach ar eolas acu.
- Léigh tusa tríd an alt ar fad ansin nuair atá Cuid C déanta acu.

**Feidhm:** Ag fiafraí cá bhfuil baill den teaghlach ina gcónaí agus ag freagairt na ceiste sin

**Bileoga:** 2.12, 2.13 agus 2.14

- Scaip **Bileog 2.12** agus abair leis an rang go mbeidh siad ag déanamh cleachtaidh arís ar ‘i mo chónaí’ agus ar an urú.

- Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Ceartaigh Cuid A agus abair leo Cuid B agus C a dhéanamh ansin. Bí cinnte go dtuigeann siad cad é atá le déanamh.
- Nuair atá na gníomhaíochtaí ar an bhileog ar fad déanta cuir ceist ar chúpla duine sa rang cá bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí. Bí cinnte go mbaineann siad úsáid as an urú.
  
- Scaip **Bileog 2.13** agus abair leis na foghlaimeoirí gur cleachtadh cainte é seo.
- Bí cinnte go dtuigeann an rang an difear idir ‘clann’ – do pháistí féin agus ‘teaghlach’ – do chuid deartháireacha agus deirfiúracha.
- Abair leo Cuid A a dhéanamh ar dtús.
- Nuair atá Cuid A déanta léigh tríd na treoracha faoi Chuid B agus iarr orthu siúl timpeall an ranga ag cur agus ag freagairt ceisteanna. .
- Bí thusa thart le cuidiú leo má tá ceist ar bith acu.
- Cuir ceist ar chúpla duine sa rang faoina dteaghlach sa phictiúr. Ceartaigh botún ar bith más gá.
  
- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus tabhair **Bileog 2.14 - Foghlaimeoir A** do dhuine amháin agus **Bileog 2.14 - Foghlaimeoir B** don fhoghlaimeoir eile.
- Mínigh dóibh gur rólghníomhaíocht é seo agus go mbeidh siad ag glacadh sealanna ag cur agallamh ar a chéile faoina dteaghlaigh.
- Abair leo Cuid A a dhéanamh ar dtús. Beidh foghlaimeoir B ag cur agallamh ar Angelina Jolie faoina teaghlach. Sa chás seo beidh foghlaimeoir A ag caint agus foghlaimeoir B ag breacadh síos an oiread eolais agus is féidir faoi Angelina.
- Nuair atá foghlaimeoir A réidh lena c(h)uid cainte leanfaidh siad ar aghaidh le Cuid B. Beidh foghlaimeoir A anois ag cur ceiste faoi theaghlach Tom Cruise agus ag breacadh síos an oiread eolais agus is féidir. Beidh foghlaimeoir B ag déanamh na cainte an t-am seo.
- Pointe Tábhachtach – abair leo gan na bileoga a thaispeáint dá chéile.
- Nuair atá an rang críochnaithe cuir ceist ar chúpla duine cur síos leanúnach a thabhairt faoin duine ar chuir sé/sí agallamh air/uirthi. Ceartaigh botún ar bith más gá.

**Feidhm:** Baill éagsúla den teaghlach a chur in aithne  
**Bileoga:** 2.15

- Bíodh **Bileog 2.15** gearrtha suas agat roimh an rang.
- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr. Mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh rólghníomhaíochta. Tabhair ról A do dhuine amháin, ról B do dhuine eile sa ghrúpa agus ról C don duine deireanach den triúr.
- Mínigh dóibh go mbeidh orthu gach cuid den chomhrá atá i gcló dubh ar a gcárta a rá as Gaeilge, agus go mbeidh na daoine eile sa ghrúpa ag rá an chuid eile den chomhrá atá i gcló dubh acu féin.
- Tabhair tamall dóibh féachaint ar an chomhrá sula gcuireann tú chun oibre iad.
- Ansin abair leo an comhrá a dhéanamh.

- Nuair atá sé déanta acu uair amháin abair leo rólanna a mhalartú agus an comhrá a dhéanamh arís.
- Abair leo an comhrá a dhéanamh arís sa dóigh is go bhfuil seans ag gach duine gach ról a dhéanamh uair amháin.

### **An Comhrá:**

A: Cad é mar ata tú, a Chéin?

B: Go hiontach, go raibh maith agat, agus tú féin?

A: Tá mé go maith. Seo í mo dheirfiúr Síle. Ar bhuaill tú léi riamh?

B: Níor bhuaill. Deas bualadh leat. Tá drochlá ann, nach bhfuil?

C: Tá sé uafásach. An bhfuil tú ag baint taitnimh as an chóisir?

B: Tá. Tá an bia go hiontach.

A: Cá bhfuil tú i do chónaí anois?

B: Londain. Cá bhfuil tusa i do chónaí, a Shíle?

C: Tá mé i mo chónaí i mBaile Átha Cliath le Niall.

**Feidhm: Ag tuiscint foclóir a bhaineann le scolaíocht na Gaeilge**  
**Bileoga: 2.16**

- Scaip **Bileog 2.16** ar na foghlaimeoirí agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Cuid A: Tabhair seans do na foghlaimeoirí brí na bhfocal faoi Chuid A a phlé le chéile agus a machnamh a dhéanamh ar cén aois a bhíonn na páistí a théann chuig na scoileanna seo:

Naíonra:	Preschool:	3-5
Bunscoil:	Primary school:	4-12
Meánscoil:	Secondary school:	12-18
Gaelscoil:	Irish language school:	4-12/12-18

- Cuid B: Is cleachtadh é seo chun iad a chur ar an eolas faoi na heagraíochtaí Gaeilge a bhaineann le páistí agus le scolaíocht.
- Tabhair seans do gach beirt na heagraíochtaí a léamh amach os ard dá chéile agus ansin na seoltaí ríomhphoist a cheangal leis na heagraíochtaí cuí.
- Cuid C: Cleachtadh cainte é seo. Tabhair tamall do gach duine sa rang labhairt le gach duine eile sa rang leis na ceisteanna seo a leanas a chur agus a fhreagairt:

An bhfuil páistí agat?

Tá/níl

Cén aois atá siad?

Tá Pól ceithre bliana d'aois agus tá Síle dhá bhliain déag d'aois.

Cá bhfuil siad ar scoil?

Tá Pól sa Naíonra áitiúil agus tá Síle i nGaelscoil Mhuire.

- Cuir tú féin na ceisteanna ar dhaoine áirithe sa rang.